RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2266 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2021

lena leagtar síos rialacha chun Treoir 92/83/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha a dheimhniú agus a fhéindeimhniú chun críocha dleachta máil

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a chomhchuibhiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23a(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach i dTreoir 92/83/CEE na coinníollacha chun bunú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i réimse an chánachais alcóil a áirithiú.

(2) Le Treoir (AE) 2020/1151 ón gComhairle ([2]), treoir lenar leasaíodh Treoir 92/83/CEE, leathnaíodh an fhéidearthacht a bhí ag na Ballstáit rátaí dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm, ar féidearthacht í nach raibh ar fáil ach amháin i gcás beorach agus alcól eitile a tháirgeann táirgeoirí beaga neamhspleácha i méideanna beaga, chun na deochanna alcólacha eile a tháirgeann táirgeoirí beaga neamhspleácha i méideanna beaga a chur san áireamh. I gcomhréir le hAirteagal 23a(1) de Threoir 92/83/CEE, ceanglaítear ar na Ballstáit deimhniú bliantúil a sholáthar, arna iarraidh sin, do tháirgeoirí beaga neamhspleácha atá bunaithe ar a gcríocha faoi seach, ar deimhniú é lena ndeimhnítear táirgeacht bhliantúil iomlán na dtáirgeoirí chomh maith lena gcomhlíontacht leis na critéir a leagtar amach i dTreoir 92/83/CEE ("an deimhniú"). Chun gur éasca a aithneofar stádas na dtáirgeoirí mar tháirgeoirí beaga neamhspleácha i ngach Ballstát, ní mór foirm choiteann a úsáid le haghaidh an deimhnithe.

(3) Is inmhianaithe gurb é an Ballstát ina bhfuil an táirgeoir beag neamhspleách bunaithe a dhéanfadh táirgeoirí beaga neamhspleácha a dheimhniú. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le féindeimhniú ag an táirgeoir beag neamhspleách, ar choinníoll go bhfuil bearta iomchuí glactha ag na Ballstáit chun cosc a chur ar imghabháil, ar sheachaint nó ar mhí-úsáid an chórais.

(4) Ba cheart tagairt don deimhniú le haghaidh táirgeoirí beaga neamhspleácha a áireamh sa doiciméad riaracháin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil IV nó Caibidil V de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle ([3]), mar a cheanglaítear le hAirteagal 23a(1) de Threoir 92/83/CEE, chun gur éasca a aithneofar stádas táirgeoirí beaga neamhspleácha.

(5) Chun a shoiléiriú cén fhianaise atá le húsáid i gcás féindeimhniúcháin ag táirgeoirí beaga neamhspleácha, is gá a shonrú cén fhaisnéis atá le háireamh sa doiciméad riaracháin agus sa doiciméad simplithe tionlacain maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil IV nó faoi Chaibidil V de Threoir 2008/118/CE.

(6) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2022 ionas go mbeidh sé ailínithe le cur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta arna n-achtú chun Treoir (AE) 2020/1151 a thrasuí.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Dhleacht Mháil,

([1]) IO L 316, 31.10.1992, lch. 21.

([2]) Treoir (AE) 2020/1151 ón gComhairle an 29 Iúil 2020 lena leasaítear Treoir 92/83/CEE maidir le struchtúir dleachtanna máil ar alcól agus deochanna alcólacha a chomhchuibhiú (IO L 256, 5.8.2020, lch. 1).

([3]) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na comhshocruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deimhniú táirgeora bhig neamhspleách

Leagtar amach foirm an deimhnithe le haghaidh táirgeoirí beaga neamhspleácha dá dtagraítear in Airteagal 23a(1) de Threoir 92/83/CEE ("an deimhniú") san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tagairt don deimhniú sa doiciméad riaracháin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil IV de Threoir 2008/118/CE

Chun críoch tagairt don deimhniú sa doiciméad riaracháin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil IV de Threoir 2008/118/CE, is í seo a leanas an fhaisnéis atá le háireamh sa doiciméad riaracháin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún ([4]) í:

(a) i mbosca 17l: "An táirge ar a bhfuil cur síos déanta arna tháirgeadh ag" agus ina dhiaidh sin, de réir mar is infheidhme, ceann de na téarmaí seo a leanas:

   (a) "grúdlann bheag neamhspleách atá deimhnithe";

   (b) "táirgeoir beag fíona neamhspleách atá deimhnithe";

   (c) "táirgeoir beag deochanna coipthe seachas fíon agus beoir neamhspleách atá deimhnithe";

   (d) "táirgeoir beag táirgí idirmheánacha neamhspleácha atá deimhnithe";

   (e) "drioglann bheag neamhspleách atá deimhnithe";

(b) i mbosca 18e: cineál doiciméid an deimhnithe;

(c) i mbosca 18f: sraithuimhir an deimhnithe.

Airteagal 3

Tagairt don deimhniú sa doiciméad riaracháin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil V de Threoir 2008/118/CE

1. Chun críoch tagairt a dhéanamh don deimhniú sa doiciméad riaracháin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil V de Threoir 2008/118/CE, is é a bheidh san fhaisnéis atá le háireamh i mbosca 14 den doiciméad simplithe tionlacain, mar a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 ón gCoimisiún ([5]), sraithuimhir an deimhnithe agus an téarma "Deimhniú", agus, de réir mar is infheidhme, ceann amháin de na téarmaí seo a leanas:

(a) "grúdlann bheag neamhspleách";

(b) "táirgeoir beag fíona neamhspleách";

(c) "táirgeoir beag deochanna coipthe seachas fíon agus beoir";

(d) "táirgeoir beag táirgí idirmheánacha neamhspleácha";

(e) "drioglann bheag neamhspleách".

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/118/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta ríomhairithe maidir le gluaiseacht earraí máil a bhfuil an dleacht mháil ina leith ar fionraí (IO L 197, 29.7.2009, lch. 24).

([5]) Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 1992 maidir le doiciméad simplithe tionlacain le haghaidh gluaiseacht táirgí laistigh den Chomhphobal atá faoi réir dleachta máil agus a scaoileadh lena dtomhailt sa Bhallstát seolta (IO L 369, 18.12.1992, lch. 17).

2. I gcásanna ina n-áirítear deochanna alcólacha éagsúla le gluaiseacht earraí agus nach bhfuil sé beartaithe an dleacht mháil laghdaithe a chur i bhfeidhm ach ar dheochanna áirithe, sonrófar an tuairisc tráchtála ar na deochanna alcólacha a tháirgeann an táirgeoir beag neamhspleách i mbosca 14 den doiciméad simplithe tionlacain, mar a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92.

Airteagal 4

Féindeimhniúchán ag táirgeoirí beaga neamhspleácha

I gcás ina dtagann táirgeoirí beaga neamhspleácha faoi na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagail 4(2), 9a(2), 13a(4), 18a(3) nó 22(2) de Threoir 92/83/CEE, agus i gcás ina gceadóidh na Ballstáit do tháirgeoirí beaga neamhspleácha atá bunaithe ina gcríocha féin féindeimhniúchán a dhéanamh, déanfar stádas na dtáirgeoirí chomh maith lena dtáirgeadh bliantúil a dhearbhú sa doiciméad riaracháin i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 6 den Rialachán seo.

Airteagal 5

Ceanglais le haghaidh chomhlánú an doiciméid riaracháin i gcás féindeimhniúcháin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil IV de Threoir 2008/118/CE

1. Maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil IV de Threoir 2008/118/CE, dearbhófar stádas na dtáirgeoirí beaga neamhspleácha i mbosca 17l den doiciméad riaracháin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 684/2009, sna téarmaí seo a leanas: "An táirge ar a bhfuil cur síos déanta arna tháirgeadh ag" agus ina dhiaidh sin, de réir mar is infheidhme, ceann de na téarmaí seo a leanas:

(a) "grúdlann bheag neamhspleách";

(b) "táirgeoir beag fíona neamhspleách";

(c) "táirgeoir beag deochanna coipthe seachas fíon agus beoir neamhspleách";

(d) "táirgeoir beag táirgí idirmheánacha neamhspleácha";

(e) "drioglann bheag neamhspleách".

2. I gcás nach é coinsíneoir na ndeochanna alcólacha an táirgeoir beag neamhspleách féindeimhnithe, dearbhófar an uimhir sa chóras malartaithe sonraí máil dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle ([6]) ("uimhir SEED") nó uimhir chánach bhreisluacha ("uimhir CBL") an táirgeora freisin i mbosca 17l.

Is í an uimhir SEED an uimhir údaraithe a bhaineann le máil arna deonú ag na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 389/2012. Ní shonrófar an uimhir CBL, dá dtagraítear in Airteagal 214 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([7]), ach amháin i gcás nach bhfuil uimhir SEED ag an táirgeoir beag neamhspleách.

3. Dearbhófar táirgeadh bliantúil deochanna alcólacha an táirgeora bhig neamhspleách i mbosca 17n den doiciméad riaracháin, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 684/2009. Sonrófar an chainníocht i heictilítir, ach amháin i gcás alcóil eitile, ar i heictilítir d'alcól íon a shonrófar é.

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1).

([7]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1).

Airteagal 6

Ceanglais le haghaidh chomhlánú an doiciméid riaracháin i gcás féindeimhniúcháin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil V de Threoir 2008/118/CE

Maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidil V de Threoir 2008/118/CE, dearbhófar an fhaisnéis seo a leanas i mbosca 14 den doiciméad simplithe tionlacain, mar a leagtar amach i Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92:

(a) stádas an táirgeora bhig neamhspleách sna téarmaí seo a leanas: "An táirge ar a bhfuil cur síos déanta arna tháirgeadh ag" agus ina dhiaidh sin, de réir mar is infheidhme, ceann de na téarmaí seo a leanas:

  (a) "grúdlann bheag neamhspleách";

  (b) "táirgeoir beag fíona neamhspleách";

  (c) "táirgeoir beag deochanna coipthe seachas fíon agus beoir neamhspleách";

  (d) "táirgeoir beag táirgí idirmheánacha neamhspleácha";

  (e) "drioglann bheag neamhspleách";

(b) sonrófar an táirgeadh bliantúil iomlán i heictilítir, ach amháin i gcás alcóil eitile, ar i heictilítir d'alcól íon a dhearbhófar é.

(c) uimhir SEED nó CBL an táirgeora bhig neamhspleách fhéindeimhnithe, de réir mar a leagtar síos in Airteagal 5(2) den Rialachán seo, i gcás nach é coinsíneoir na ndeochanna alcólacha an táirgeoir;

(d) tuairisc tráchtála ar na deochanna alcólacha a tháirgeann an táirgeoir beag neamhspleách i gcás ina n-áirítear deochanna alcólacha éagsúla i ngluaiseacht earraí agus ina mbeartaítear dleacht mháil laghdaithe a chur i bhfeidhm ar dheochanna áirithe agus ar na deochanna sin amháin.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Nollaig 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

AN tAONTAS EORPACH

DEIMHNIÚ DLEACHTA MÁIL DO THÁIRGEOIRÍ BEAGA NEAMHSPLEÁCHA DEOCHANNA ALCÓLACHA

(Treoir 92/83/CEE ón gComhairle - Airteagal 23a)

Sraithuimhir:

1. AN TÁIRGEOIR BEAG NEAMHSPLEÁCH A SHAINAITHINT

Ainmniúchán/ainm

Sráid agus Uimh.

Postchód, áit

Ballstát bunaíochta

Uimhir SEED/Uimhir CBL

2. Tuairisc ar na deochanna alcólacha a n-iarrtar an deimhniú dleachta máil ina leith

Cineál deochanna alcólacha	Tuairisc	Táirgeacht bhliantúil iomlán

3. AN tÚDARÁS INNIÚIL A SHAINAITHINT

Ainm

Uimhir Thagartha Oifige (más infheidhme)

Seoladh

Uimhir theileafóin

Seoladh ríomhphoist

4. DEIMHNIÚ ÓN ÚDARÁS INNIÚIL

Deimhníonn an t-údarás náisiúnta a bhfuil a shíniú anseo thíos an méid seo a leanas:

— an táirgeacht bhliantúil iomlán ar a bhfuil tuairisc i mbosca 2 de chuid an táirgeora bhig neamhspleách a luaitear i mbosca 1.

— comhlíonann an táirgeoir beag neamhspleách a shainaithnítear i mbosca 1 na critéir a leagtar amach, de réir mar is iomchuí, in Airteagail 4(2), 9a(2), 13a(4), 18a(3) agus 22(2) de Threoir 92/83/CEE.

Ainm agus stádas an tsínitheora |

Áit, dáta: Stampa (más infheidhme) Síniú

Nótaí míniúcháin

1. Is éard atá sa deimhniú seo doiciméad tacaíochta chun ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le deochanna alcólacha a tháirgeann táirgeoirí beaga neamhspleácha, dá dtagraítear in Airteagal 23a de Threoir 92/83/CEE. Dá réir sin, tarraingeofar suas deimhniú amháin in aghaidh na bliana lena dtagraítear do gach cineál deochanna alcólacha a tháirgtear le haghaidh gach táirgeora bhig neamhspleách.

2. 210 × 297 mm a bheidh san fhoirm ar a n-eiseofar an deimhniú. I gcás ina gclóitear an fhoirm, is ar pháipéar bán nach bhfuil laíon meicniúil ann a dhéanfar í.

3. Déanfar an deimhniú a chomhlánú go soléite agus ar shlí a mbeidh na hiontrálacha doscriosta. Ní cheadófar aon scriosadh ná aon fhorscríbhneoireacht. Déanfar an deimhniú a chomhlánú i dteanga atá aitheanta ag an mBallstát ina bhfuil an táirgeoir beag neamhspleách bunaithe. Ciallóidh an téarma "teanga aitheanta" ceann de na teangacha atá in úsáid go hoifigiúil i mBallstát an táirgeora bhig neamhspleách nó aon teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais ar dhearbhaigh an Ballstát sin go bhfuil sí inghlactha chun na críche sin.

4. I gcás ina dtarraingeofar suas an deimhniú i dteanga seachas teanga atá aitheanta ag an mBallstát cinn scríbe, déanfaidh an coinsíní, aistriúchán a chur i gceangal leis an deimhniú, arna iarraidh sin d'údaráis an Bhallstáit sin, nuair a bheidh sé á thíolacadh. Féadfaidh an Ballstát sin, dá rogha féin, an oibleagáid an t-aistriúchán a cheangal a ligean thar ceal.

5. Ceithre dhigit déag a bheidh sa tsraithuimhir. An uimhir dhá dhigit lena dtagraítear don bhliain ina n-eisítear an deimhniú a bheidh i dtús na sraithuimhreach; ina diaidh sin beidh aitheantóir de chuid an Bhallstáit agus cód dhá litir le haghaidh na tíre eisiúna i gcomhréir le hIarscríbhinn II, pointe 3, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 684/2009; beidh aitheantóir uathúil arb é a bheidh ann uimhir náisiúnta alfa-uimhriúil 10 ndigit ina diaidh sin, aitheantóir arna shainiú ag an mBallstát ina bhfuil an táirgeoir beag neamhspleách bunaithe. Sampla de shraithuimhir den sórt sin is ea: 22ES01ABCD234E.

6. I mbosca 1 den deimhniú, sonrófar na sonraí ábhartha is gá chun an táirgeoir beag neamhspleách a shainaithint, lena n-áirítear a uimhir SEED. Más rud é nach bhfuil uimhir SEED ag an táirgeoir beag neamhspleách, agus sa chás sin amháin, sonrófar uimhir CBL.

7. I mbosca 2 den deimhniú, sonróidh an t-údarás inniúil táirgeadh iomlán bliantúil deochanna alcólacha an táirgeora bhig neamhspleách dá n-iarrtar an deimhniú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

   (a) sonrófar an cineál dí alcólaí i gcomhréir leis an liosta seo a leanas, mar a leagtar amach i dTreoir 92/83/CEE:

      (i) beoir;

      (ii) fíon;

      (iii) deochanna coipthe seachas fíon agus beoir;

      (iv) táirgí idirmheánacha:

      (v) alcól eitile;

   (b) féadfar an tuairisc ar an táirge a shonrú. I gcás ina sonrófar an tuairisc ar tháirgí idirmheánacha agus ar dheochanna coipthe eile, ba cheart go mbeadh an tuairisc i gcomhréir le hAirteagal 13a(2) agus (3) agus le hAirteagal 18a(2) de Threoir 92/83/CEE;

   (c) sonrófar cainníocht na dí alcólaí i heictilítir, seachas i gcás alcól eitile, ar heictilítir d'alcól íon a shonrófar ina leith.

8. I mbosca 3 den deimhniú, sonrófar na sonraí ábhartha is gá chun an t-údarás inniúil a shainaithint, lena n-áirítear Uimhir Thagartha na hOifige Custaim, i gcás inarb infheidhme, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II, pointe 5, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 684/2009.

9. Féadfaidh na húdaráis inniúla an oibleagáid an deimhniú eisithe a stampáil a ligean thar ceal más rud é go bhfuil sé fíordheimhnithe ar bhealach eile, amhail ríomhshíniú.